Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Pleanálaí Feidhmiúcháin

# Eolas d'Iarratasóirí

**Samhain, 2024**

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Pleanálaí Feidhmiúcháin.

Moltar painéal d'iarrthóirí cáilithe a bhunú óna líonfar folúntais bhuana agus shealadacha le linn shaolré an phainéil.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Bíonn Pleanálaithe Feidhmiúcháin freagrach as cláir oibre a chur i bhfeidhm sa Rannóg Pleanála agus as an iliomad seirbhísí pleanála agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil.

Bíonn poist mar Phleanálaí Feidhmiúcháin ilghnéitheach agus d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí mar chuid díobh roinnt de na croí-réimsí seirbhíse seo a leanas, nó iad uilig:

- Bainistíocht Forbartha;
- Forfheidhmiú na Pleanála;
- Forbairt Eacnamaíoch;
- Pleanáil Chun Cinn agus Forbairt Inbhuanaithe;
- Forbairt Pobail.
- Láithreáin agus eastáit tithíochta thréigthe / forbairtí cónaithe a ghlacadh ar láimh.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh dualgais Pleanálaí Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas:
(níl an liosta seo uileghabhálach agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú air ó am go ham de réir mar a d'éileodh riachtanais eagraíochtúla)

- Measúnú a dhéanamh ar agus moltaí a dhéanamh i dtaobh iarratais phleanála i gcomhréir le gach plean/polasaí náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil iomchuí, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na treoirlínte iomchuí, de réir mar ba ghá;
- Tabhairt faoi chomhairliúcháin réamhiarratais agus comhairle pleanála a sholáthar do bhaill den phobal, do rannóga inmheánacha agus do na comhaltaí tofa ar bhealach éifeachtúil solúbtha;
- Measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála agus ar thograí réamhiarratais de réir pholasaithe na Comhairle agus moltaí agus freagraí polasaí a sholáthar ina leith sin de réir mar ba ghá;
- Na pleananna reachtúla agus neamhreachtúla, scéimeanna pleanála agus tuarascálacha eile a bhaineann leis an phleanáil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm de réir mar ba ghá;

- Idirchaidreamh agus comhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha agus le húdaráis phoiblí eile maidir le straitéis, nósanna imeachta agus cleachtas pleanála;
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhorfheidhmithe, lena n-áirítear tiomsú/anailís ar threochtaí forbartha agus táscairí spásúlachta eile;
- Monatóireacht ar agus bheith ag cur le hullmhú pleananna, pleananna ceantair áitiúil srl agus leis an athbhreithniú a dhéantar orthu;
- Pleanáil tráchta agus iompair;
- Polasaithe agus tuarascálacha a ullmhú, de réir mar ba ghá, ar réimse leathan de cheisteanna caomhnaithe agus de cheisteanna gaolmhara;
- Caidrimh chomhoibríocha, maoirseachta agus idir-rannacha a fhorbairt agus a chothú, de réir mar ba ghá;
- Cuidiú le daoine aonair, grúpaí srl. i dtaca le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí pleanála;
- Cuairteanna suímh a dhéanamh agus moltaí a ullmhú maidir le forfheidhmiú pleanála agus láithreáin thréigthe, lena n-áirítear bheith ag freastal ar chásanna cúirte agus fianaise a thabhairt;
- Tuarascálacha a ullmhú i dtaca le forbairtí cónaithe a ghlacadh ar láimh;
- Freagairtí a ullmhú faoi choinne aighneachtaí a bhaineann le comhlíonadh coinníollacha pleanála;
- Comhairle a sholáthar agus moltaí a ullmhú i dtaca le hiarratais ar dhearbhú forbairtí díolmhaithe agus dearbhuithe eile de réir mar a d'ordófaí;
- Comhairle phleanála a sholáthar maidir le hullmhú agus próiseáil iarratais forbartha Údaráis Áitiúil "Cuid 8";
- Freagairt d'fhiosrúcháin phleanála, tuairisceáin a chomhlánú srl. ó rannóga eile de chuid na Comhairle agus ón Rialtas náisiúnta agus réigiúnach / gníomhaireachtaí reachtúla / forais sheachtracha de réir mar a d'ordófaí;
- Ionchur in ullmhú, i mbainistiú agus i riar na measúnuithe tionchair timpeallachta agus na measúnuithe gnáthóige i dtaca le hiarratais phleanála agus pleananna/cláir de réir mar ba ghá;
- Bheith ag cur le heagrú agus le héascú comhairliúchán agus rannpháirtíocht phoiblí, lena n-áirítear, freastal a dhéanamh ar chruinnithe agus ar fhóraim phoiblí eile, cuir i láthair a dhéanamh agus taifead a dhéanamh de cheisteanna agus freagra a thabhairt orthu;
- Tabhairt faoi Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach/Oiliúint;
- Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus éifeachtúlachtaí a ionchorprú i gcleachtais oibre;
- Ullmhúchán a dhéanamh faoi choinne cruinnithe Comhairle agus cruinnithe foirne agus freastal a dhéanamh orthu;
- Ról ceannasaíochta a ghlacadh i dtionscadail a mbeadh pleanáil straitéiseach ag baint leo, de réir mar ba ghá;

- Gníomhú nó ionadaíocht a dhéanamh thar ceann pearsanra sinsearach agus iad as láthair, de réir mar ba ghá.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh athrú ar na dualgais agus freagrachtaí áirithe a bhaineann leis an phost ó am go ham, gan aon athrú ar nádúr ginearálta na ndualgas ná ar leibhéal na bhfreagrachtaí a bhaineann leo.
D'fhéadfadh sé, dá réir, go mbeadh ar an tsealbhóir poist tabhairt faoi dhualgais a fhóireann don phost seachas na cinn atá leagtha amach thuas, agus glacadh le treoracha ó agus tuairisciú a dhéanamh d'Oifigeach iomchuí nó Oifigeach ainmnithe, de réir mar a bheadh ceaptha ag an Chomhairle ó am go ham.

## <u>3. Cáilíochtaí</u>

Dhearbhaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil gur mar seo a leanas a leagfar amach na cáilíochtaí atá de dhíth faoi choinne post mar Pleanálaí Feidhmiúcháin:

**(a) Carachtar**
Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**
Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh a gceapachán.

**(c) Oideachas, Taithí, etc.**

(i) Ba cheart cáilíocht sa Phleanáil a bheith ag iarrthóirí (leibhéal 8 <u>ar a laghad</u> ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí);

(ii) beidh taithí shásúil ábhartha nach lú ná cúig bliana aige nó aici ar an obair phleanála;

(iii) beidh ardchaighdeán d'oiliúint agus de shaineolas teicniúil aige nó aici;

(iv) beidh leibhéal ard de thaithí riaracháin aige nó aici.

**(d) Scileanna agus Taithí Inmhianaithe**
Is duine ardspreagtha a bheas san iarrthóir idéalach, ag a mbeidh tiomantas láidir i leith seirbhísí poiblí ardchaighdeáin a sholáthar agus beidh sé nó sí in ann eolas agus tuiscint shoiléir a léiriú ar:

- Seirbhísí an údaráis áitiúil, na príomhpháirtithe leasmhara agus na príomhchaidrimh dá chuid;
- Struchtúir rialtais áitiúil agus an ról daonlathach agus an mhandáid a bhaineann leis;
- Ceisteanna reatha atá ábhartha don rialtas áitiúil, treochtaí agus treo straitéisech todhchaí na hearnála, go háirithe i dtaca le polasaí agus cleachtas pleanála;
- Croí-pholasaithe a threoraíonn earnáil an rialtais áitiúil;
- Ceisteanna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla pleanála;
- Caidreamh oibre leathan táirgiúil a chothú agus a chothabháil laistigh agus lasmuigh den eagraíocht;
- Athrú a chur i bhfeidhm;
- Luachanna na seirbhíse poiblí.

Ba cheart go mbeadh ag an iarrthóir idéalach, fosta, bonn eolais theicniúil agus taithí den chéad scoth ar pholasaí agus cleachtais phleanála, lena n-áireofaí na nithe seo a leanas:

- Reachtaíocht agus nósanna imeachta pleanála, go háirithe i réimsí na pleanála chun tosaigh, an bhainistithe forbartha agus an fhorfheidhmithe;
- Saincheisteanna pleanála reatha agus todhchaí atá ábhartha do Chontae Dhún na nGall agus don réigiún máguaird;
- Riarachán, scríobh tuairiscí agus moladh réasúnach a chur i láthair a bhfuil lear taighde taobh thiar de;
- Taithí ar obair mar chuid d'fhoirne ildisciplíneacha nó a léiriú go mbeifí in ann a leithéid a dhéanamh;
- Ceannasaíocht tionscadail nó foirne;
- Feasacht ar agus bainistiú Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine san ionad oibre;
- Córais TFC a oibriú, go háirithe córais próiseála focal, láithreoireachta agus córais GIS;
- Obair a rangú de réir tosaíochta go héifeachtach;
- Tionscnaíocht agus bheith in ann feidhmiú as a stuaim féin;

- Bheith in ann plé go héifeachtach le héilimh chontrártha;
- Bheith ag obair faoi bhrú de réir spriocamanna dochta.

**4. Mionsonraí an Phoist**

**(a) Ginearálta**
Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarratasóirí cáilithe a chruthú don phost mar Pleanálaí Feidhmiúcháin óna líonfar aon fholúntais a thagann chun cinn bhuana agus shealadacha le linn saolré an phainéil.

**(b) Promhadh**
Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse thosaigh, a shocróidh an Chomhairle.

**(c) Luach Saothair**
Is ionann an páscála náisiúnta bliantúil reatha agus: íosmhéid de €57,909 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €80,498. (LSI 2) (de réir ciorclán EL 03/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

**(d) Bunáit**
Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar post an Pleanálaí Feidhmiúcháin agus beidh sé seo ag brath ar an réimse áirithe agus an tseirbhís chuig a sannfar an sealbhóir poist.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Pleanálaí Feidhmiúcháin, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

**(e) Cónaí**
Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de

**(f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil**
35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile. Mar gheall ar nádúr na hoibre, beidh gá le láithreacht ar obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, lena n-áirítear tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011

**(g) Riachtanas Tiomána**
Beidh ar Iarratasóirí:

- **a.** Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
- **b.** A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis

## 5. Próiseas Earaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach

daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #EP 001**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie